Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2022
(OR. en)

14832/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0318(BUD)

BUDGET 27

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022: Bearta breise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh na Rúise san Úcráin, neartú ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nuashonrú ar ioncaim, coigeartuithe eile agus ar nuashonruithe teicniúla: An seasamh ón gComhairle an 21 Samhain 2022 |

# I. RÉAMHRÁ

An 5 Deireadh Fómhair 2022, chuir an Coimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann le buiséad ginearálta 2022 faoi bhráid na Comhairle.

Is é is cuspóir do DBL Uimh. 5/2022 na taobhanna caiteachais agus ioncaim de bhuiséad 2022 a nuashonrú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) maoiniú an Ghnímh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhchoiteann (EDIRPA) chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí cosanta is práinní agus is criticiúla trí chomhar idir na Ballstáit a chothú maidir le soláthar comhchoiteann;

(b) na bearta éigeandála faoi shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair (CMA) a threisiú, d’fhonn aisíocaíocht a dhéanamh leis na Ballstáit tar éis sraith ráigeanna den Fhliú Éanúil Ardphataigineach agus d’Fhiabhras Afracach na Muc;

(c) Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS) a thúsualú agus a threisiú, chun leanúint de chúnamh comhchineáil a chur ar fáil don Úcráin. Ina theannta sin, déanfar héileacaptair agus eitleáin éadroma eile a léasú chun ullmhacht an Aontais a mhéadú maidir le haerchomhrac dóiteáin in 2023 agus chun dlús a chur le soláthar acmhainneachtaí buana aeir;

(d) rannchuidiú an Aontais leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) a threisiú chun deacrachtaí oibríochtúla a sheachaint;

(e) caiteachas riaracháin agus pinsin faoi cheannteideal 7 a threisiú mar thoradh ar bhoilsciú ard agus ar phraghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa;

(f) laghdú a dhéanamh ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus do EU4Health;

(g) an méid comhfhreagrach ón gcúlchiste a chur ar ais chuig líne iompair na Saoráide um Chónascadh na hEorpa, ónar fritháiríodh é, agus an mhoill ar fhormheas sainordaithe nua 'ReFuelEU Aviation' do Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) á cur san áireamh;

(h) na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le tionchar na ndifríochtaí sa ráta malairte a ionchorprú,

mar a taifeadadh in 13056/22.

Ar an iomlán, is é glantionchar an DBL seo ar chaiteachas méadú EUR 447.5 milliún i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (c/a) agus laghdú EUR 741.1 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (p/a).

Is é an tionchar foriomlán ó thaobh ioncaim de glanlaghdú EUR 3 779 milliún ar ranníocaíochtaí OIN.

## II. CONCLÚID

An 21 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2022, mar a leagtar amach é san iarscríbhinn theicniúil a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an meabhrán míniúcháin seo.